**Comhairle Contae Dhún na nGall**
**Donegal County Council**

**Cinneadh maidir leis an Ghá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta**
**ar**
**Dréacht-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016- 2022 (PÁEP)**

Ullmhaíodh 'dréacht-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Dhún na nGall 2016- 2022 (PÁEP)' a bhfuil mar chuspóir aige gnéithe eacnamaíochta agus pobail Chontae Dhún na nGall a threisiú thar thréimhse sé bliana.

Agus measúnú déanta ar an fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí suntasacha ann ar an timpeallacht mar thoradh ar chur i bhfeidhm an dréacht-PÁEP agus i ndiaidh comhairliúcháin leis na hÚdaráis Timpeallachta forordaithe, chinn an tÚdarás Pleanála nach dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an dréacht-PÁEP ar an timpeallacht agus dá bhrí sin nach bhfuil gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ina leith.

Tá tuarascáil mhionsonraithe dar teideal, 'Dréacht-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall 2016- 2022 – Scagadh Deiridh maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) Eanáir, 2016,' a bhfuil an Cinneadh seo mar thoradh uirthi, ar fáil lena scrúdú ach í a iarraidh. Mar achoimre, mar seo a leanas na cúiseanna leis an gCinneadh:

1. Gníomhaíocht de chineál 'bog' atá i gceist le cuid shuntasach den ghníomhaíocht a bhfuiltear ag súil léi agus, dá bhrí sin, níl aschur fisiciúil inbhraite i gceist mar chomhchuid den ghníomhaíocht ach amháin i gcás cuid theoranta den ghníomhaíocht; agus;
2. Cineál an Phlean mar chreat i gcomhair gníomhaíochta seachas mar phlean reachtúil úsáide talún i gcomhair toilithe forbartha a chinneadh. I dtaca leis sin de, maidir le haon ghníomhaíocht a éiríonn as an PÁEP agus a bhaineann le tionscadail fhisiciúla inbhraite a bhfuil cead pleanála ag teastáil ina leith, lena n-áirítear comhtháthú nithe a bhfuil baint acu leis an timpeallacht, tiocfaidh sí faoi réir measúnachta agus breithneofar í i gcomhthéacs an chreata atá glactha maidir le beartas pleanála, ina cháil mar chreat príomha reachtúil úsáide talún laistigh den Chontae.

CRÍOCH
15ú Eanáir 2016